# Línte agus Litreacha

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - línte agus uillinneacha<br>Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú, rangú, sórtáil<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | comhthreomhar, ceartingearach, trasnánach, ingearach, cothrománach, cuartha, díreach, siméadracht, teisiliú, sórtáil, Léaráid Venn, Leáráid Carroll, crann cinnteoireachta |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, húlahúpanna le Léaráidí Venn a chruthú ar an urlár, rogha de litreacha sa chás uachtair agus sa chás íochtair |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus iad ag fiosrú línte agus uillinneacha, sórtálann daltaí ceannlitreacha na haibítre ag roghnú a gcuid critéar féin agus léaráid sórtála. Critéir fhéideartha ná

- cineálacha difriúla líne e.g. cuartha, díreach, ceartingearach
- cineálacha difriúla uillinneacha
- líon na línte i litir
- siméadracht
- teisiliú

Is féidir an Uirlis Sórtála Mola Mata, húlahúpanna nó léaráidí priontáilte a úsáid lena dhéanamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Thig leis na daltaí triail a bhaint as litreacha beaga agus/nó digití agus siombailí ar an mhéarchlár. Thig leo graif nó cairteacha a léiríonn líon na litreacha agus na hairíonna difriúla a chruthú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad dóigh a d'aimsigh tú le do litreacha a shórtáil?<br>• Cén t-airí atá i bpáirt ag an ghrúpa litreacha seo?<br>• Cá mhéad litir a bhfuil línte ceartingearacha agus cothrománacha acu?<br>• Cad iad na huillinneacha atá sa litir seo?<br>• An dtig leis an litir seo teisiliú? | • Cad é mar a shórtáil tú do litreacha?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú an léaráid sórtála seo?<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuair tú na féidearthachtaí uilig maidir le sórtáil?<br>• Cad a tharlódh dá n-athrófá cás na litreach seo?<br>• Cad iad na hairíonna is coitianta/ neamhchoitianta maidir le do litreacha?<br>• Cad iad na patrúin a thugann tú faoi deara? |

## Difreáil

Socraigh líon na litreacha, critéir shórtála nó léaráid sórtála de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.



